**RABHADH**

**Freagair gach ceist sna spásanna atá ann chuige sin ar an bpáipéar seo.**

Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe anseo.

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2001**

# STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA

**GNÁTHLEIBHÉAL**

**DÉ LUAIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30 – 3.30**

**Don Scrúdaitheoir Amháin:**

| Ceist | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| IOMLÁN | |
| GRÁD | |

**Caithfear GACH ceann de na CÚIG cheist a fhreagairt. Taispeánann na huimhreacha i lúibíní na marcanna atá le fáil. Ní mór na ceisteanna a fhreagairt san fhreagarleabhar seo**

**CEIST 1.** **Freagair (A) agus (B) agus (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHA** **(12 marc)**

**Freagair 12 de na ceisteanna a leanas, trí tic (✓) a chur sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla:* Cé acu ceann díobh seo a leanas **NACH** aigéan é?

(a) An tAigéan Atlantach ☐ (b) An tAigéan Ciúin ☐

(c) An tAigéan Indiach ☐ (d) An Mhuir Bhailt ☑ (1)

1. Taispeántar é seo sa phictiúr:



(a) motte ☐ (b) currach ☐

(c) bró ☐ (d) sciath ☐ (1)

2. Is éard a tugadh ar mhanaigh a rinne taifeadadh ar eachtraí tríd iad a scríobh síos ná:

(a) potairí ☐ (b) scríobhaithe ☐

(c) cumadóirí ☐ (d) taiscéalaithe ☐ (1)

3. Tháinig na daoine seo go hÉirinn ó Chríocha Lochlann:

(a) Ceiltigh ☐ (b) Sasanaigh ☐

(c) Normannaigh ☐ (d) Lochlannaigh ☐ (1)

4. Cé acu **CEANN** de na ceantair seo **NÁR** dearnadh plandáil air:

(a) Connacht ☐ (b) Uladh ☐

(c) Mumha ☐ (d) Laois agus Uíbh Fhailí ☐ (1)

5. An Réabhlóid Thionsclaíoch ba chúis le forbairt ar:

(a) na bailte ☐ (b) na feirmeacha ☐

(c) obair láimhe ☐ (d) an tionscal tinteáin ☐ (1)

6. Baineadh úsáid as *seol* le haghaidh:

(a) fíodóireacht ☐ (b) scríbhneoireacht ☐

(c) glantóireacht ☐ (d) cócaireacht ☐ (1)

7. Le linn na Réabhlóide Tionsclaíche is éard a thug cumhacht do na meaisíní ná:

(a) peitreal ☐ (b) gal ☐

(c) gás nádúrtha ☐ (d) breosla núicléach ☐ (1)

8. Tá Coimisiún an Aontais Eorpaigh lonnaithe anseo:

(a) Baile Átha Cliath ☐ (b) Londain ☐

(c) An Bhruiséil ☐ (d) An Ghinéiv ☐ (1)

**NÓ**

Tá príomhoifig na Náisiún Aontaithe lonnaithe anseo:

(a) Londain ☐ (b) Strasbourg ☐

(c) An Bhruiséil ☐ (d) Nua-Eabhrac ☐ (1)

9. Is éard a fhaightear in eastát tionsclaíoch ná:

(a) tithe ☐ (b) monarchana ☐

(c) eaglaisí ☐ (d) scoileanna ☐ (1)

10. Taispeántar brú óige ar léarscáil Shuirbhéireachta Ordanáis mar:

(a) spota dearg ☐ (b) réalta ghorm ☐

(c) triantán dearg ☐ (d) carbhán dearg ☐ (1)

11. Rinne **Bono** iarracht na rudaí seo a fháil do thíortha an Tríú Domhan chun cabhrú leo:

(a) praghas níos fearr dá gcuid easpórtálacha ☐ (b) a gcuid earraí a bheith ar díol in Éirinn ☐

(c) níos mó oideachais dá bpáistí ☐ (d) na fiacha a bhí orthu a chealú ☐ (1)

12. Tomhaistear fliuchras le:

(a) baraiméadar ☐ (b) teirmiméadar ☐

(c) tomhsaire ☐ (d) ainéimiméadar ☐ (1)

13. Is éard a thugtar ar dhaoine a fhágann Éire chun maireachtáil thar lear ná:

(a) inimircigh ☐ (b) turasóirí ☐

(c) eisimircigh ☐ (d) cuairteoirí ☐ (1)


14. Is éard a thugtar ar an gcuid is boichte den domhan ná:

(a) An Tuaisceart ☐ (b) An Dara Domhan ☐

(c) An Deisceart ☐ (d) An Tríú Domhan ☐ (1)

**(B) ÁITEANNA INA BHFUIL DÍDEANAITHE LONNAITHE** **(6 mharc)**

Scrúdaigh an phíchairt thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.




**LÍON NA nDÍDEANAITHE**

(i) Cé mhéad dídeanaí atá san Eoraip?

……………………...........................................................................................................(1)

(ii) Cén mhór-roinn a bhfuil an líon is mó dídeanaithe inti?

……………………...........................................................................................................(1)

(iii) Cé mhéad dídeanaí atá sa domhan?

……………………...........................................................................................................(2)

(iv) Tabhair cúis **amháin** a bhféadfadh an Eoraip glacadh le níos mó dídeanaithe.

………………………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………….

…………………...........................................................................................................(2)

**(C) LONNAÍOCHT IN ÉIRINN** **(6 mharc)**

Scrúdaigh an pictiúr thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.



(i) Cén foirgneamh mór atá ag **A** sa ghrianghraf?

……………………..........................................................................................................(1)

(ii) Cén grúpa daoine a thóg na foirgnimh seo in Éirinn i dtús báire?

……………………..........................................................................................................(1)

(iii) Ainmnigh ábhar **amháin** a húsáideadh agus an foirgneamh á thógáil.

……………………..........................................................................................................(1)

(iv) Ainmnigh foirgneamh **amháin** den chineál seo a bhfuil staidéar déanta agat air nó ar thug tú cuairt air.

……………………..........................................................................................................(1)

(v) Tabhair cúis **amháin** a mbeadh sé deacair an foirgneamh seo a ghabháil.
Bain úsáid as fianaise ón ngrianghraf.

……………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………….

……………………..........................................................................................................(2)

**CEIST 2.**

**Freagair an Cheist ar:**
**PLANDÁLACHA IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS**
**NÓ**
**AN BHRASAÍL SA 20ú hAOIS**

**(A) PLANDÁLACHA IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS** **(24 marc)**

Léigh an sliocht thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.

***Suirbhé 1619***

***…anois laistigh de chontaetha Ard Mhacha, Thír Eoghain, Dhún na nGall, Fhear Manach, An Chabháin, agus Londain-Dhoire tá 107 caisleán le bánta, 19 caisleán gan bhánta, 42 bán gan caisleáin nó tithe tógtha, 1,897 teach tógtha le cloch agus le hadhmad …***

***Nicholas Pynnar***

(i) Cé a rinne an suirbhé?

……………………………………………………………………………………………(1)

(ii) Cathain a rinneadh an suirbhé?

……………………………………………………………………………………………(1)

(iii) Cé mhéad contae atá ainmnithe sa suirbhé?

……………………………………………………………………………………………(2)

(iv) Cén phlandáil atá i gceist sa suirbhé?

……………………………………………………………………………………………(2)

(v) Cén **dá** chineál caisleáin atá luaite sa suirbhé?

1. ……………………………………………………………………………………………

2. ……………………………………………………………………………………………(2)

(vi) Cé mhéad caisleán a bhí tógtha faoi 1619?

……………………………………………………………………………………………(2)

(vii) Tabhair cúis **amháin** ar thóg na plandóirí an oiread sin caisleán.

……………………………………………………………………………………..

……………………………………………………………………………………..

……………………..........................................................................................................(2)

(viii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas:

Ceithearn Choille: …………………………………………………………………

……………………..........................................................................................................

Muscaed: ……………………………………………………………………………..

……………………..........................................................................................................

Gealltóir: ……………………………………………………………………………..

……………………..........................................................................................................(4)

(ix) Scríobh alt faoi cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Na cúiseanna ar theastaigh ón rí Sasanach Uladh a phlandáil;
(b) Na cúiseanna ar theastaigh ó phlandóirí Albanacha lonnú in Éirinn;
(c) Torthaí Phlandáil Uladh;
(d) Mothúcháin Éireannaigh amháin a ruaigeadh óna thailte le linn plandála.

………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………

……………………..........................................................................................................(8)

**NÓ**

**(B) AN BHRASAÍL SA 20ú hAOIS** **(24 marc)**

Léigh an scéal thíos agus ansin freagair na ceisteanna a leanas.

***Thosaigh Helena ag obair le pobal an favela (baile seantán) nuair a bhí sí ocht mbliana déag. Tar éis di obair charthanachta a dhéanamh ar feadh trí bliana thosaigh sí ag fiafraí an raibh aon éifeacht aige ar chaighdeán beatha na ndaoine a bhí ag cur fúthu sa favela. Shocraigh sí a fháil amach an bhféadfadh sí níos mó a dhéanamh.***

***Bhí cruinnithe ag Helena agus roinnt dá cairde le grúpa daoine ón favela le fáil amach cad d'fhéadfaí a dhéanamh. Shocraigh siad go raibh sé tábhachtach cúis éigin a aimsiú a bhféadfaidís oibriú le chéile uirthi chun spiorad pobail láidir a chothú.***

***D'aithin an grúpa go raibh trí fhadhb ann. Ba iad seo: fadhb na séarach oscailte, soilsiú leictreach in easnamh agus an deacracht teacht ar uisce a bhí inólta.***

***Fuair Helena amach go raibh sé i gceist ag grúpa eile, a bhí eagraithe ag sagart, rud éigin a dhéanamh faoin séarachas. Shocraigh an dá ghrúpa oibriú le chéile. Chuir sé seo olc ar na polaiteoirí áitiúla. Níor theastaigh uathu go réiteodh na daoine a gcuid fadhbanna féin. Theastaigh uathu greim a choimeád ar an gcumhacht.***

(i) Cén aois a bhí ag Helena nuair a thosaigh sí ag obair leis an bpobal?

…………………………………………………………………………………………….(1)

(ii) Cén fáth ar éirigh sí as an obair charthanachta?

…………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………….(3)

(iii) Mínigh **dhá** mhór-fhadhb a bhí ag na daoine a bhí ina gcónaí sa favela.

1. ……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

2. ……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………… (4)

(iv) Cén tslí ab fhearr chun cabhrú le pobal an favela dar le Helena agus a cairde?

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………… (2)

(v) Cén fáth a raibh olc ag na polaiteoirí áitiúla do Helena agus dá grúpa?

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………… (2)

(vi) Mínigh cúis **amháin** a bhfuil sé deacair do Bhrasaíligh bhochta feabhas a chur ar a ndálaí maireachtála.

……………………………………………………………………………………………


……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………… (4)

**Scrúdaigh an grianghraf thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.**



(vii) Déan cur síos a

……………………………………………………………………………………..

………...........................................................................................................(2)

(viii) Déan cur síos ar na foirgnimh ag **B** sa ghrianghraf.

…………………………………………………………………………………….

………...........................................................................................................(2)

(ix) Cén scéal a insíonn an grianghraf dúinn faoin saol sa Bhrasaíl?

……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………

………...........................................................................................................(4)

**CEIST 3.** **FREAGAIR AN CHEIST AR:**

**(A) An Réabhlóid Thionsclaíoch**
**AGUS ar**
**(B) Cogadh Domhanda I NÓ Cogadh Domhanda II**

## (A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH (12 mharc)

Scrúdaigh an scéal thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.

Ba é an chéad phost a tugadh don pháiste Robert Bliancoe ná an cadás scaoilte a thit ar an urlár a phiocadh suas. Scanraigh guairneáil agus torann an innealra é. Níor thaitin an deannach leis, a raibh sé leath-phlúchta aige, ach an oiread.

Toisc nach raibh taithí aige ar an mboladh mhothaigh sé tinn gan mhoill agus bhí pian ina dhroim ón síor-chromadh. Mar sin shocraigh Bliancoe suí síos. Ach níorbh fhada go bhfuair sé amach go raibh cosc iomlán air seo sna muilte cadáis. Dúirt a mháistir, Mr. Smith, go raibh air fanacht ar a chosa. Rinne sé é seo go dtí a dódhéag a chlog - ní raibh sos ar bith aige ar feadh sé huaire an chloig go leith.

(i) Céard é an chéad phost a tugadh do Robert Bliancoe?

……………………………………………………………………………………(1)

(ii) Cad a scanraigh Robert faoin obair?

……………………………………………………………………………………(1)

(iii) Cad a chuir tinneas ar Robert?

……………………………………………………………………………………(1)

(iv) Luaigh rud **amháin** a raibh cosc iomlán air sna muilte cadáis.

……………………………………………………………………………………(1)

(v) Cé mhéad uair an chloig a raibh Robert ag obair gan sos?

……………………………………………………………………………………(1)

(vi) Tabhair cúis **amháin** a raibh páistí fostaithe sna muilte cadáis.

……………………………………………………………………………………(1)

(vii) Cén tslí ba dhóchúla a chuirfeadh obair Robert isteach ar a shláinte de réir mar a d'éirigh sé níos sine?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

……………………...............................................................................................................(2)

(viii) Cad a insíonn an scéal seo dúinn faoi dhearcadh daoine i leith páistí ag an am seo?

…………………………………………………………………………………………………

……………………...............................................................................................................(2)

(ix) Conas a thugtar cosaint do pháistí na hÉireann inniu sa tslí nach mbíonn orthu dul ag obair?

………………………….........................................................................................................


………………………………………………………………………………………...(2)

**(B) COGADH DOMHANDA I <u>NÓ</u> COGADH DOMHANDA II (12 mharc)**

Freagair an cheist ar an gCéad Chogadh Domhanda **nó** ar an Dara Cogadh Domhanda.

**COGADH DOMHANDA I**

Breathnaigh ar an líníocht thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.




(i) Cad chuige ar úsáideadh an peireascóp?

…………………………………………………………………………………………(1)

(ii) Cén fáth a raibh málaí gainimhe ar bharr na dtrinsí?

…………………………………………………………………………………………(1)

(iii) Cad chuige an tochaltán?

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………(2)

(iv) Cén bhrí a bhí ag an leagan cainte "no man's land"?

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………

…………………….........................................................................................................(2)

(v) Cén bhrí a bhí ag an leagan cainte "ag dul thar an mullach"?

…………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………

…………………….........................................................................................................(2)

(vi) Tabhair míniú ar rud **amháin** ba chúis leis an Chéad Chogadh Domhanda.

…………………………………………………………………………………………...

…………………………………………………………………………………………..

…………………….........................................................................................................(2)

(vii) Tabhair toradh **amháin** a bhí ar an gCéad Chogadh Domhanda.

…………………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………

…………………….........................................................................................................(2)

**<u>NÓ</u>**

**COGADH DOMHANDA II**

Léigh an sliocht thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.

**Nuair a bhí an diúracán scaoilte lig mé osna asam agus sheas mé siar ag fanacht leis an bpléascán a bhí le tarlú. Nuair a tháinig sé, lig na fir a bhí ar bord im' theannta béic ard astu, 'A Dhia na Glóire!' San áit ina raibh Hiroshima, bhí sliabh deataigh mar bheacán ollmhór. Bhí ualach mór deannaigh míle troigh os cionn na talún ag beiriú, ag déanamh guairneáin agus ag leathnú thar an chuid is mó den chathair.**

(i) Cen tír ina bhfuil Hiroshima?

…………………….........................................................................................................(1)

(ii) Cén cineál buama a scaoileadh ar Hiroshima?

……………………………………………………………………………………………………(1)

(iii) Mínigh **dhá** thoradh a bhí ar an mbuama a scaoileadh ar Hiroshima.

1. ……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

2. ……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………(4)

(iv) Scríobh faoi cheann **amháin** díobh seo:

(a) Teacht i dtír D-Day;

(b) Oibríocht Bharbarossa;

(c) Dunkirk;

(d) Cath na Breataine.

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………… (6)

**<u>CEIST 4.</u> AN DOMHAN FORBARTHA AGUS AN DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA**

**FREAGAIR (A) AGUS (B)**

**(A) ÉAGSÚLACHTAÍ IN ÉIRINN (16 marc)**

Taispeánann na grianghraif thíos dhá áit éagsúla in Éirinn. Breathnaigh orthu agus ansin freagair na ceisteanna a leanas:



An Boirinn, Contae an Chláir



Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath.

(i) Luaigh **dhá** dhifríocht idir an Boirinn agus Sráid Uí Chonaill.

1 ……………………..........................................................................................................

2. ……………………..........................................................................................................(2)

(ii) Luaigh **dhá** bhealach a bhféadfadh daoine slí bheatha a bhaint amach sa Bhoirinn.

1. ……………………..........................................................................................................

2. ……………………..........................................................................................................(2)

(iii) Ainmnigh **dhá** bhealach a bhféadfadh daoine slí bheatha a bhaint amach i mBaile Átha Cliath.

1. ……………………......................................................................................................

2. ……………………......................................................................................................(2)

(iv) Mínigh cén fáth ar áit chónaithe sláintiúil is ea an Boirinn.

……………………………………………………………………………………………

……………………..........................................................................................................(2)

(v) Mínigh contúirt sláinte **amháin** a mbíonn ar phobal Bhaile Átha Cliath aghaidh a thabhairt uirthi.

……………………………………………………………………………………………

……………………..........................................................................................................(2)

(vi) Tabhair **dhá** chúis a n-aistreodh daoine óga ón mBoirinn go Baile Átha Cliath.

1. ……………………......................................................................................................

2. ……………………....................................................................................................(2)

(vii) Tá daonra Bhaile Átha Cliath ag fás go sciobtha. Mínigh **dhá** fhadhb atá ann de dheasca na forbartha seo.

1. ……………………......................................................................................................

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………


2. ……………………....................................................................................................…

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

**(B) SOLÁTHAR BIA DOMHANDA** **(8 marc)**

Féach ar an gcartún thíos agus freagair na ceisteanna a leanas:




(i) Cá bhfuil cónaí ar na daoine sa chartún?

……………………………………………………………………………………………(1)

(ii) Cén fáth a bhfuil na daoine sa chartún ag stánadh ar an Eoraip?

……………………………………………………………………………………………(1)

(iii) An dtaispeántar Eorpaigh mar dhaoine flaithiúla **NÓ** mar dhaoine sprionlaithe sa chartún?

……………………………………………………………………………………………(2)

(iv) Mínigh **dhá** bhealach a bhféadfá cabhair a thabhairt chun ocras sa domhan a laghdú.

1. ……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

2. ……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………… (4)

**CEIST 5.** **LÉARSCÁIL SHUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS AGUS AERFÓTAGRAF DAITE** **(24 marc)**

**Nóta: Déan deimhin de go bhfuil léarscáil agus grianghraf agat sula bhfreagraíonn tú an cheist seo.**

Scrúdaigh an Léarscáil S.O. 1:50,000 agus an tAerfótagraf Daite a thagann leis an bpáipéar seo agus freagair na ceisteanna a leanas.

Taispeántar baile Achadh an Iúir agus an ceantar thart air sa léarscáil.

Taispeántar an baile cois locha, Achadh an Iúir i gContae an Chabháin sa ghrianghraf.

(i) Tá loch ar an taobh ó dheas de Achadh an Iúir ar an léarscáil. Ainmnigh an loch seo.

……………………..........................................................................................................(2)

(ii) Ainmnigh an t-oileán is mó sa loch.

……………………..........................................................................................................(2)

(iii) Ainmnigh an abhainn atá ag snámh isteach sa loch ar an taobh ó dheas.

……………………..........................................................................................................(2)

(iv) Ainmnigh **TRÍ** bhóthar réigiúnacha a thaispeántar ar an léarscáil.

1. ........................................ 2. ...............…................... 3. ………......................….. (3)

(v) Ainmnigh an pointe is airde ar an léarscáil *agus* tabhair an airde i méadair.

An pointe is airde: …..........................…………... Airde..................................... (3)

(vi) Féach ar an léarscáil nó ar an ngrianghraf nó ar an dá cheann agus tabhair **dhá** chúis a dtabharfadh turasóirí cuairt ar Achadh an Iúir.

1. ……………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….

2. …………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………….. (4)

(vii) Tabhair **dhá** shampla den úsaid a bhaintear as talamh sa ghrianghraf.

1. ………………........................................................................................................

……………………………………………………………………………………………

2. ..............................................................................................……………………..

…………………………………………………………………………………………… (4)

(viii) Ag féachaint ar an léarscáil, aimsigh **dhá** phíosa fianaise a thaispeánann gur mhair daoine sa cheantar seo fadó.

1. ………………..........................................................................................................

……………………………………………………………………………………………

2. ……………………...................................................................................................

…………………………………………………………………………………………… (4)